Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Is comhlacht reachtúil poiblí é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag a bhfuil feidhmeanna chun faisnéis agus comhairle a thabhairt don Rialtas ar bheartais agus ar chleachtas a bhaineann le daoine faoi mhíchumas. Reáchtálann sé freisin Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch a chuireann dearadh na timpeallachta tógtha, táirgí, seirbhísí agus TFC chun cinn ionas gur féidir le cách iad a úsáid, beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas. Tá an tÚdarás ag earcú don phost seo a leanas:

Oifigeach Airgeadais agus Soláthair – Príomhoifigeach Cúnta (Lánaimseartha, Buan)

Beidh ar an Oifigeach Airgeadais agus Soláthair forbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht na feidhme cuntasaíochta a bhainistiú, agus béim ar réimsí caiteachais, lena n-áirítear párolla, soláthar agus bainistíocht airgeadais ghinearálta. Áirítear leis an ról cuntais bainistíochta mhíosúla agus ráitis airgeadais bhliantúla a chur i dtoll a chéile. Beidh ar an Oifigeach roinnt caidrimh thábhachtacha a chothú agus a fhorbairt le pearsanra ó réimse ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina measc. Tá scileanna láidre TF, lena n-áirítear ardscileanna excel, agus taithí chruthaithe ar bhainistíocht airgeadais i measc riachtanais an róil seo.

Tá na sonraí iomlána faoin sainchuntas poist, cáilíochtaí, taithí agus inniúlachtaí a theastaíonn don phost ar fáil ar www.nda.ie/About-Us/Vacancies. Chun iarratas a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm iarratais agus seol ar aghaidh í, i dteannta litir chumhdaigh (dhá leathanach ar a mhéad) ina dtugtar breac-chuntas ar fhianaise ar oiriúnacht don ról, ar ríomhphost chuig recruitment@nda.ie, nó sa phost chuig: An Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha, an tÚdarás Náisiúnta Míchumas, 25 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath D04 E409. Is é an dáta deiridh le hiarratais a fháil Dé hAoine, 22 Márta 2019, ag a 11.00 r.n. (meán-am Greenwich).

Is fostóir comhionannas deiseanna é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais. Fáilteofar go háirithe roimh iarratais ó dhaoine faoi mhíchumas a chomhlíonann riachtanais an phoist.